

Creat Foghlama Digití

Leideanna don Ghrúpa Fócais

Caighdeán 1.2: Tá an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí atá riachtanach ag daltaí chun iad féin agus a gcaidrimh a thuiscint.

Do Mhúinteoirí

- Cén chaoi a thacaíonn teicneolaíochtaí digiteacha le féinmhachamh agus léiriú mothúchán na ndaltaí i do sheomra ranga?
- Ar thug tú faoi deara go raibh daltaí ag úsáid uirlisí digiteacha chun tuiscint níos fearr a fháil orthu féin nó chun caidrimh a chothú le piaraí?
- Céard iad na bealaí a chuireann an comhoibriú digiteach leis an bhfoghlaim shóisialta agus le scileanna cumarsáide?

Do Dhaltaí

- Ar úsáid tú an teicneolaíocht riamh chun tuilleadh a fhoghlaim fút féin, amhail do spriocanna nó do mhothúcháin?
- Inis dúinn faoi am nuair a chabhraigh gníomhaíocht dhigiteach leat oibriú i mbealach níos fearr le daltaí eile.
- Cén chaoi a chabhraíonn an teicneolaíocht leat do smaointe a chomhroinnt nó na daoine eile i do rang a thuiscint?

